Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

**Critéir maidir le Scéim Deontais na gClubanna Spóirt, 2024**

Iarrtar ort an treoir eolais a léamh le haghaidh scéim deontais na bliana seo chun a áirithiú go dtuigfidh tú na ceanglais a bhaineann le hiarratas rathúil.  Ní mór d'iarratasóirí cloí leis na critéir a leagtar amach thíos.

**Ní mór do chlubanna incháilithe:**

1. A bheith bunaithe i limistéir riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe nó mar a bhfuil 66% de chomhaltaí gníomhacha/imeartha an chlub ina gcónaí i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
2. a bheith bunaithe i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
3. a bheith ina n-eagraíocht "sheachbhrabúsach", faoi stiúir deonach agus a bheith ina gclub spóirt.
4. bunreacht nó doiciméid choibhéiseacha a bheith acu.
5. cruthúnas ar chuntas bainc, ar árachais leordhóthanacha agus ar cheanglais ghaolmhara a léiriú.
6. gan bheith ar marthain ar feadh tréimhse is gairide ná bliain amháin.
7. beartas ballraíochta oscailte a bheith acu.
8. gan ach iarratas deontais amháin a chur isteach in aghaidh an chlub in aghaidh na bliana agus tosaíocht á tabhairt d'iarratasóirí nua.
9. a bheith cláraithe le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe. https://bit.ly/3sa8VjS

***Ní mór do chlubanna a bhfuil rannóg don óige acu:***

a) cloí leis an reachtaíocht um chosaint leanaí.

b) beartais um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm acu.

c) Oifigeach um Chosaint Leanaí ***"oilte"*** a bheith acu (Cumhdach 2 nó a choibhéis) agus Teagmhálaí Ainmnithe ***"oilte"*** (Cumhdach 3 nó a choibhéis) a bheith acu.

d) a áirithiú go mbeidh ceardlann feasachta bunúsaí (Cumhdach 1) maidir le Cód Eitice agus Dea-Chleachtas i Spórt Leanaí déanta ag gach cóitseálaí, riarthóir agus deonach.

**Nithe nach bhfuil incháilithe le haghaidh tacaíocht airgeadais faoin scéim seo:**

a) Tionscadail chaipitil

b) Íoc fiach

c) Costais taistil agus iomaíochta lasmuigh de Phoblacht na hÉireann

d) Cumhdach árachais

e) Tionscadail, imeachtaí nó nithe eile a mhaoinítear faoi scéimeanna deontas eile.

**Maoiniú a dheonú chun an méid seo a leanas a chlúdach:**

a) Costais fhorbartha an chlub ó lá go lá mar threalamh, trealamh traenála, páirceanna ar cíos, iompar etc. 70% ar a mhéid den suim iomlán a ndéanfar iarratas air. I gcás clubanna i gceantair RAPID den Chathair féadfar 80% ar a mhéid den iomlán a ndéanfar iarratas air a chaitheamh.

b) Costais chun cóitseáil a fhorbairt do chúrsaí iomchuí agus 30% ar a laghad i gceist. I gcás Clubanna atá lonnaithe i gceantair RAPID den Chathair is ionann an íosmhéid agus 20%.

**Faisnéis ábhartha eile:**

a) Is ionann an deontas uasta is iníoctha le club agus €3,500.

b) Níl scoileanna ná institiúidí oideachais incháilithe.

c) Tá an deontas iníoctha ach an phróifíl caiteachais ábhartha a chur ar fáil agus ainm oifigeach club curtha léi i dtaca le bliain an iarratais.

d) Ní mór don fhaisnéis a sholáthraíonn an grúpa nó an eagraíocht is iarratasóir a bheith cruinn agus iomlán.

e) Má chuirtear eolas míchruinn ar fáil is féidir go ndícháileofar an t-iarratasóir dá dheasca agus/nó go n-aisíocfar aon deontas a bheidh tugtha.

f) Déanfar an fhaisnéis uile a sholáthraítear i leith an iarratais ar dheontas a choimeád go leictreonach. Forchoimeádann an Roinn an ceart chun liosta de na deontais uile a bhronntar a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin.
g) Tá feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le gach taifead atá i seilbh na Roinne agus na nÚdarás Áitiúil.
h) Tá gach eagraíocht freagrach as a áirithiú go mbeidh nósanna imeachta agus beartais chuí i bhfeidhm aici, agus árachas cuí san áireamh, i gcás inarb ábhartha.
i) Ní mór fianaise ar chaiteachas, admhálacha/sonraisc a choinneáil agus a sholáthar do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe nó dá hionadaí má iarrtar sin.
j) Tabharfar aitheantas poiblí do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i ngach ábhar a bhaineann le cuspóir an deontais.
k) Ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh.
l) Is féidir go dtiocfaidh smachtbhannaí, agus toirmeasc ó iarratais deontais amach anseo, as sáruithe ar théarmaí agus coinníollacha na scéime deontas.
m) Iarrtar ort a áirithiú go mbeidh an t-iarratas comhlánaithe ina iomláine. Ní chuirfear iarratais neamhiomlána san áireamh le haghaidh maoiniú.
n) Chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir gur gá do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe sonraí pearsanta a bhailiú uait. Déanfar an fhaisnéis sin a phróiseáil ar aon dul le ráiteas príobháideachais an Údaráis Áitiúil ar ar féidir breathnú ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Dáta Deiridh:**

Ba cheart iarratais a dhéanamh ar líne ag https://www.galwaycity.ie/ge

faoi

**11PM DÉ DOMHNACH, 15 MEÁN FÓMHAIR 2024**

**Ní chuirfear aon iarratais a gheofar ina dhiaidh sin san áireamh.**

I gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe